# DÁIL ÉIREANN

**TUARASCÁIL ÓN GCOMHCHOISTE UM AIRGEADAS, CAITEACHAS POIBLÍ AGUS ATHCHÓIRIÚ, AGUS AN TAOISEACH FAOI BHUAN-ORDÚ 133 DE CHUID NA DÁLA MAIDIR LE TOGRA LE HAGHAIDH TREOIR LENA MBUNAÍTEAR CEANGLAIS CHOMHCHUIBHITHE SA MHARGADH INMHEÁNACH MAIDIR LE TRÉDHEARCACHT NA HIONADAÍOCHTA LEASA A DHÉANTAR THAR CEANN TRÍÚ TÍORTHA AGUS LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2019/1937.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 6ú lá seo de Mhárta, 2024.

**REPORT OF THE JOINT COMMITTEE ON FINANCE, PUBLIC EXPENDITURE AND REFORM, AND TAOISEACH UNDER DÁIL STANDING ORDER 133 ON A PROPOSAL FOR A DIRECTIVE ESTABLISHING HARMONISED REQUIREMENTS IN THE INTERNAL MARKET ON TRANSPARENCY OF INTEREST REPRESENTATION CARRIED OUT ON BEHALF OF THIRD COUNTRIES AND AMENDING DIRECTIVE (EU) 2019/1937.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 6th day of March, 2024.

Catherine Connolly TD

An Leas-Cheann Comhairle

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

(1) an Tuarascáil chomhaontaithe a thabhairt dá haire ón gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach faoi Bhuan-Ordú 133 maidir leis an togra seo a leanas:

Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937,

a leagadh faoi bhráid Dháil Éireann an 28 Feabhra 2024 de réir Bhuan-Ordú 133(3)(*b*);

(2) ag féachaint don Tuarascáil réamhráite, agus le linn a feidhmeanna faoi alt 7(3) d'Acht an Aontais Eorpaigh, 2009 a fheidhmiú, an tuairim a shealbhú nach ndéanann an togra prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh ar na cúiseanna atá leagtha amach i mír 4 den Tuarascáil; agus

(3) a thabhairt dá haire, de bhun Bhuan-Ordú 133(4), go gcuirfear cóip den Rún seo mar aon leis an Tuairim Réasúnaithe agus an Tuarascáil réamhráite chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin.

That Dáil Éireann:

(1) notes the agreed Report of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach under Standing Order 133 on the following proposal:

Proposal for a DIRECTIVE OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL establishing harmonised requirements in the internal market on transparency of interest representation carried out on behalf of third countries and amending Directive (EU) 2019/1937,

which was laid before Dáil Éireann on 28th February, 2024 in accordance with Standing Order 133(3)(*b*);

(2) having regard to the aforementioned Report, and in exercise of its functions under section 7(3) of the European Union Act 2009, is of the opinion that the proposal does not comply with the principle of subsidiarity for the reasons set out in paragraph 4 of the Report; and

(3) notes that, pursuant to Standing Order 133(4), a copy of this Resolution together with the Reasoned Opinion and the aforementioned Report shall be sent to the Presidents of the European Parliament, the Council and the Commission.